C/2026/4904

17.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11895 — XXXLUTZ / PORTA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4904)

1. An 7 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— XXXLutz KG ('XXXLutz Group', an Ostair), faoi rialú LSW Privatstiftung (an Ostair), agus WSF Privatstiftung (an Ostair),

— Porta Group (an Ghearmáin), ina bhfuil roinnt cuideachtaí agus sócmhainní atá faoi rialú Porta Holding KG (an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh XXXLutz Group rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Porta Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá XXXLutz Group gníomhach, trí réimse brandaí, i miondíol troscáin, trealaimh soilsithe agus earraí tí eile i siopaí speisialaithe i roinnt mhaith tíortha san Aontas,

— Trína bhrandaí 'porta Möbel', 'SB-Möbel Boss' agus 'Möbel Letz' sa Ghearmáin agus 'ASKO' i bPoblacht na Seice agus sa tSlóvaic, tá Porta Group gníomhach i miondíol troscáin, trealaimh soilsithe agus earraí tí eile i siopaí speisialaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11895 — XXXLUTZ / PORTA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').